Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Márta 2024**
**(OR. en)**

**14716/1/23**
**REV 1**

**CO EUR-PREP 42**
**POLGEN 149**
**ECOFIN 1093**
**SOC 724**
**EMPL 514**
**COMPET 1039**
**MI 908**
**ENV 1189**
**IND 565**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Seimeastar Eorpach 2024<br>– Treochlár cothrom le dáta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an treochlár don Seimeastar Eorpach, mar a d'ullmhaigh an uachtaránacht é i gcomhair leis an uachtaránacht inteachta.

D'ullmhaigh an uachtaránacht an treochlár seo chun príomhchéimeanna thimthriall Sheimeastar Eorpach 2024 a leagan amach.

Is é is cuspóir don treochlár a áirithiú go n-oibreoidh foirmíochtaí ábhartha uile na Comhairle agus a gcomhlachtaí ullmhúcháin ar bhealach comhordaithe agus comhsheasmhach chun díospóireachtaí na Comhairle Eorpaí maidir leis an Seimeastar Eorpach a ullmhú go críochnúil agus chun cur ar chumas Coreper agus na Comhairle Gnóthaí Ginearálta maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas.

**AN CHÉAD CHÉIM**

**An tréimhse roimh Chomhairle Eorpach mhí an Mhárta**

**An 9 Deireadh Fómhair 2023: an Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí**

– Príomhdhúshláin fostaíochta: Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta bunaithe ar an Tuarascáil Bhliantúil ar Fheidhmíocht na Fostaíochta agus an Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta – *formhuiniú*

– Príomhdhúshláin shóisialta: Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste um Chosaint Shóisialta bunaithe ar an Athbhreithniú Bliantúil ar an Monatóir ar Fheidhmíocht na Cosanta Sóisialta – *formhuiniú*

– Cinneadh ón gComhairle maidir le treoirlínte do bheartais fostaíochta na mBallstát – *glacadh*

**An 15 Deireadh Fómhair 2023**

– A ndréachtphleananna buiséadacha tíolactha ag Ballstáit an limistéir Euro

**An 9 Samhain 2023: an Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais**

– An Seimeastar Eorpach: Ceachtanna a foghlaimíodh agus an bealach chun cinn — *seisiún tuairimíochta*

**An 21 Samhain 2023: Pacáiste an Fhómhair maidir le Seimeastar Eorpach 2024**

– Cur i láthair ón gCoimisiún:

  – An Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2024, Tuarascáil 2024 maidir leis an Sásra Foláirimh, an moladh le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht

  – Cumarsáid agus Tuairimí maidir le Dréachtphleananna buiséadacha Bhallstáit an limistéir euro

**An 27-28 Samhain 2023: an Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí**

– Seimeastar Eorpach 2024 – *díospóireacht bheartais*

  – An Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2024, an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh, dréacht-thuarascáil chomhpháirteach ar fhostaíocht agus dréachtmholadh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro - *cur i láthair ón gCoimisiún*

  – Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le haistriú cothrom i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú — *formhuiniú*

– Tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir le breisluach na hinfheistíochta sóisialta agus ról chomhlachtaí ullmhúcháin Chomhairle EPSCO i rialachas an tSeimeastair Eorpaigh – *formhuiniú*

**Deireadh mhí na Samhna, lár mhí na Nollag 2023**

– Ullmhaíonn coistí (an Coiste um Beartas Eacnamaíoch i bhformáid an Ghrúpa Euro, Meitheal an Ghrúpa Euro - Comhaltaí Malartacha) an dréachtmholadh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, lena n-áirítear aighneacht chomhpháirteach an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta lena gcumhdaítear gnéithe fostaíochta agus sóisialta

**An 7 Nollaig 2023: an Grúpa Euro**

– Measúnú ar dhréachtphleananna buiséadacha Bhallstáit an limistéir euro agus ar staid bhuiséadach agus ionchais bhuiséadacha an limistéir euro – *ráiteas ón nGrúpa Euro*

– Dréachtmholadh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro – *cur i láthair ón gCoimisiún*

**An 8 Nollaig 2023: an Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais**

– Seimeastar Eorpach 2024.- An Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2024, Tuarascáil 2024 maidir leis an Sásra Foláirimh, agus moltaí maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro – *cur i láthair ón gCoimisiún agus seisiún tuairimíochta*

**An 12 Nollaig 2023: an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta**

– Seimeastar Eorpach 2024 – Treochlár – *cur i láthair ón Uachtaránacht agus ón Uachtaránacht inteachta*

**An 15 Eanáir 2024: an Grúpa Euro**

– Dréachtmholadh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro – *plé*

**An 16 Eanáir 2024: an Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais**

– Conclúidí maidir leis an Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2024 – *formheas*

– Conclúidí i ndáil le Tuarascáil 2024 maidir leis an Sásra Foláirimh – *formheas*

– Moladh ó gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro – *formheas*

**An 23 Eanáir 2024: an Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh**

– Seimeastar Eorpach 2024 – Moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro – *formheas na ngnéithe fostaíochta agus sóisialta*

**An 12-13 Feabhra 2024 - Parlaimint na hEorpa: Seachtain Pharlaiminteach Sheimeastar Eorpach 2024**

– Díospóireacht idir comhaltaí na gcoistí ábhartha ó Pharlaimint na hEorpa agus ó na parlaimintí náisiúnta

**An 11 Márta 2024: an Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (Sóisialta)**

– Seimeastar Eorpach 2024 – Cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta i gcomhthéacs Sheimeastar Eorpach 2024 agus an chláir oibre shóisialta a bheidh ann amach anseo — *díospóireacht bheartais*

– Tuarascáil Chomhpháirteach 2024 ar Fhostaíocht – *glacadh*

– Conclúidí maidir leis an Suirbhé Bliantúil don Fhás Inbhuanaithe 2024 agus maidir leis an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht – *formheas*

– Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste Fostaíochta maidir le cur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le Nasc leis an bhFostaíocht — an Ráthaíocht don Aos Óg a threisiú — *formhuiniú*

**An 13 Márta 2024: Suí iomlánach Pharlaimint na hEorpa**

– Díospóireacht chomhpháirteach maidir leis an Seimeastar Eorpach

**An 19 Márta 2024: an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta**

– Ullmhúchán do Chomhairle Eorpach mhí an Mhárta:

  – Tuarascáil sintéise maidir le hionchur na Comhairle i dtaca le Seimeastar Eorpach 2024 – *seisiún tuairimíochta*

  – Treochlár nuashonraithe maidir le Seimeastar Eorpach 2024 – *cur i láthair ón Uachtaránacht*

  – Moladh 2024 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro – *tarchur chuig an gComhairle Eorpach*

**An 21-22 Márta 2024: an Chomhairle Eorpach**

– Seisiún tuairimíochta maidir le staid eacnamaíoch agus fostaíochta na mBallstát

– Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro – *formhuiniú*

**AN DARA CÉIM**[1]

**An tréimhse roimh Chomhairle Eorpach mhí an Mheithimh**

**An 12 Aibreán 2024: an Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais**

– Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro – *glacadh*

**Roimh an 30 Aibreán 2024**

– Doiciméad inmheánach ag teacht leis an gCreat um Chóineasú Sóisialta le haghaidh na mBallstát a shainaithnítear sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht mar thuarascálacha a d'fhéadfadh baol a bheith ag baint leo do chóineasú sóisialta aníos — *arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún*

**Roimh an 30 Aibreán 2024**

– Spriocdháta do na Ballstáit chun a gCláir Náisiúnta um Athchóiriú agus a gCláir um Chobhsaíocht nó um Chóineasú 2024 a thíolacadh[2]

– Cuireann an Coimisiún i láthair grinn-athbhreithnithe faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha

[1] Tá céimeanna na dara céime faoi réir, i bpáirt, an dáta a thiocfaidh an creat nua rialachais eacnamaíoch i bhfeidhm agus an dáta a d'fhoilsigh an Coimisiún pacáiste an Earraigh.
[2] Go dtí go dtiocfaidh creat nua rialachais eacnamaíoch i bhfeidhm

**Lár mhí an Mheithimh 2024: Pacáiste an Earraigh don Seimeastar Eorpach**

– Cur i láthair ón gCoimisiún:

  – Moltaí le haghaidh Moltaí ón gComhairle (moltaí tírshonracha); tuarascálacha tíre

  – (b'fhéidir) Cur chun feidhme an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis

  – Togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le treoirlínte le haghaidh bheartais fostaíochta na mBallstát

**Lár mhí an Mheithimh 2024**

– Cuireann an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais, an Coiste um Beartas Eacnamaíoch, Comhaltaí Malartacha an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais, an Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta tús leis an obair ullmhúcháin maidir le moltaí tírshonracha do 2024 agus nóta cothrománach[3]

**An 20 Meitheamh 2024: an Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí**

– Seimeastar Eorpach 2024: Pacáiste an earraigh — *cur i láthair ón gCoimisiún*

– Seimeastar Eorpach 2024: nóta cothrománach[4] maidir le gnéithe fostaíochta agus beartas sóisialta de mholtaí tírshonracha - *díospóireacht bheartais*

– (b'fhéidir) Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gCreat um Chóineasú Sóisialta — *formheas*

– Príomhtheachtaireachtaí ón gCoiste um Chosaint Shóisialta maidir le Tuarascáil 2024 ar leordhóthanacht pinsean – *formhuiniú*

[3] Go dtí go bhfoilseofar pacáiste an Earraigh ón gCoimisiún.
[4] Go dtí go bhfoilseofar pacáiste an Earraigh ón gCoimisiún.

**An 21 Meitheamh 2024: an Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais**

– Seimeastar Eorpach 2024: nóta cothrománach[5] – *formheas*

**An 25 Meitheamh 2024: an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta**

– Ullmhúchán do chruinniú mhí an Mheithimh den Chomhairle Eorpach

  – Seimeastar Eorpach 2024: nóta cothrománach – *formheas agus tarchur chuig an gComhairle Eorpach*

**An 27-28 Meitheamh 2024: an Chomhairle Eorpach**

– Conclúidí

  – Seimeastar Eorpach 2024: nóta cothrománach[6] – *plé ar chonclúid*

**Tús mhí Iúil 2024**

– Cuireann an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais, an Coiste um Beartas Eacnamaíoch, Comhaltaí Malartacha an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais, an Coiste Fostaíochta agus an Coiste um Chosaint Shóisialta bailchríoch ar an obair maidir le moltaí tírshonracha do 2024

**An 16 Iúil 2024: an Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí**

– Ionchur maidir le gnéithe fostaíochta agus beartas sóisialta na moltaí tírshonracha[7] - *formheas*

– Measúnú ar an moladh tírshonrach do 2024 agus cur chun feidhme an mholta thírshonraigh do 2023: Tuairim ón gCoiste Fostaíochta agus ón gCoiste um Chosaint Shóisialta – *formhuiniú*

[5] Go dtí go bhfoilseofar pacáiste an Earraigh ón gCoimisiún.
[6] Go dtí go bhfoilseofar pacáiste an Earraigh ón gCoimisiún.
[7] Go dtí go bhfoilseofar pacáiste an Earraigh ón gCoimisiún.

**An 16 Iúil 2024: an Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais**

– Seimeastar Eorpach 2024: moltaí tírshonracha[8] - *formheas*

– Conclúidí ón gComhairle maidir le grinn-athbhreithnithe 2024 faoin Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha – *formheas*

– (b'fhéidir) Cur chun feidhme an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis: Moltaí ón gComhairle faoin Nós Imeachta um Easnamh Iomarcach – *glacadh*

**Deireadh mhí Iúil 2024**

– Seimeastar Eorpach 2024: Moltaí tírshonracha comhtháite[9] – *glacadh*

---

[8] Go dtí go bhfoilseofar pacáiste an Earraigh ón gCoimisiún.
[9] Go dtí go bhfoilseofar pacáiste an Earraigh ón gCoimisiún.